



An tAcht um Theanntáil Feithiclí 2015

An Nós Imeachta Gearán

Aibreán 2022

Clár Ábhar

Leathanach

1. Réamhrá.....	3
2. Gluais Téarmaí.....	3
3. Gearán a Chur Isteach.....	4
3.1 Gearán a Chur Isteach Chuig an Údarás Náisiúnta Iompair.....	4
3.2 An Próiseas Gearán.....	5
3.3 Toradh ar Ghearán.....	6
3.4 Taifid... ..	7
4. Forfheidhmiú.....	7

1. Réamhrá

Foráiltear leis an Acht um Theanntáil Feithiclí 2015 do rialáil a bheith á déanamh ag an Údarás Náisiúnta Iompair (an tÚdarás) ar ghníomhaíochtaí teanntála feithiclí ar fud an Stáit. Ar na nithe atá ar áireamh san Acht tá Nós Imeachta Gearán a bhunú chun gearáin ó dhaoine den phobal a bhreithniú. Ghlac an tÚdarás an Nós Imeachta seo de réir an Achta agus ceanglaítear ar gach rialaitheoir páirceála agus ar gach oibritheoir teanntála cloí go hiomlán le forálacha an Nós Imeachta. Níl aon táille le híoc ag aon duine ar mian leis gearán a dhéanamh de réir an Nós Imeachta Gearán seo.

2. Gluais Téarmaí

ciallaíonn “Acht” an tAcht um Theanntáil Feithiclí 2015;

ciallaíonn “teanntán” feiste nó fearas a dheartar nó a oiriúnaítear ar mhaithe lena daingniú nó lena dhaingniú d’fheithicil chun cosc a chur ar í a thiomáint nó ar í a chur sa siúl ar shlí eile;

ciallaíonn “teanntáil” teanntán a dhaingniú d’fheithicil pháirceáilte;

ciallaíonn “gníomhaíochtaí teanntála” teanntáil, teanntán a bhaint d’fheithicil, feithicil a athlonnú agus muirir a fhorchur;

ciallaíonn “oibritheoir teanntála” duine atá údaraithe ag rialaitheoir páirceála chun gníomhaíochtaí teanntála a dhéanamh thar ceann an rialaitheora páirceála agus áirítear leis fostaí le hoibritheoir teanntála nó aon duine eile atá fostaithe ag oibritheoir teanntála chun aon ghníomhaíochtaí den sórt sin a dhéanamh thar a cheann agus, i ndáil le gníomhaíochtaí teanntála arna ndéanamh faoi alt 101B den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961 (arna chur isteach le halt 32 den Acht um Theanntáil Feithiclí 2015), áirítear leis oifigeach teanntála (de réir bhrí an ailt sin); agus

ciallaíonn “rialaitheoir páirceála”, i ndáil le háit teanntála, an duine atá freagrach, maidir leis an áit teanntála sin, as forfheidhmiú an dlí nó na rialacha is infheidhme maidir le páirceáil san áit sin, ach ní áirítear leis comhalta den Gharda Síochána nó maor tráchta atá údaraithe sa cháil sin.

I gcás go n-úsáidtear forainm firinscneach sa doiciméad seo, is féidir leis tagairt freisin don fhorainm baininscneach, agus a mhalairt, de réir mar a bheidh.

3. Gearán a Chur Isteach

Féadfaidh aon duine den phobal gearán a dhéanamh de réir alt 18(1) den Acht um Theanntáil Feithiclí 2015 i ndáil le ceann de na nithe seo a leanas:

- Comhlíonadh freagrachtaí ag rialaitheoirí páirceála;
- Iompraíocht, iompar agus aithint oibritheoirí teanntála;
- Moill neamhriachtanach ag rialaitheoirí páirceála nó oibritheoirí teanntála ar fhreagra a thabhairt ar ghearáin, nó ar chumarsáid eile, ó dhaoine den phobal; agus
- Aithint na bhfeithiclí arna n-úsáid ag oibritheoirí teanntála (lena n-áirítear lógónna, greamáin agus fógraíocht ar fheithiclí den sórt sin).

3.1 Gearán a Chur Isteach Chuig an Údarás Náisiúnta Iompair

Féadfar gearán maidir le gníomhaíochtaí teanntála a chur isteach chuig an Údarás Náisiúnta Iompair lena imscrúdú tríd an bhfoirm leictreonach ar líne (ar fáil ag <https://clampingregulation.nationaltransport.ie/Complaint/>) a chomhlánú nó trí fhoirm bhán a iarraidh, rud a fhéadfar a chur isteach, a luaithe atá sí comhlánaithe (i mBéarla nó i nGaeilge), trí ríomhphost chuig clampingregulation@nationaltransport.ie nó trí chasadh an phoist chuig:

An Rannán um Rialáil Teanntála Feithiclí, An tÚdarás Náisiúnta Iompair, An Chéad Uirlár, Dún Scéine, Lána Fhearchair, Baile Átha Cliath 2.

Más mian leat comhfhreagras a fháil trí ríomhphost, déan cinnte de go gcuirtear an seoladh ríomhphoist clampingregulation@nationaltransport.ie le do leabhar seoltaí chun nach rachaidh comhfhreagras isteach i d'fhillteán ríomhphoist dramhaíola/turscair.

Maidir le feidhmeanna an Údaráis Náisiúnta Iompair i dtaca le gearáin a bhreithniú, comhlíonann sé iad go neamhspleách ar fad ón rialaitheoir páirceála agus ní théann ach oibleagáidí reachtúla na bpáirtithe lena mbaineann agus prionsabail na neamhchlaontachta, na cothroime agus na comhsheasmhachta cur chuige i bhfeidhm ar a chuid cinntí. Ní mór gearáin a dhéanamh leis an Údarás Náisiúnta Iompair laistigh de 60 lá ó tharlú an teagmhais/na dteagmhais ba chúis le gearán a chur isteach.

Ba cheart gearán a chuirtear isteach a bheith lánchuí agus ba cheart na nithe uile atá ábhartha don ghearán a chur ar áireamh ann. Féadfaidh an gearánach ráitis finné, grianghraif, taifeadtaí físe, léarscáileanna agus pleananna, i measc nithe eile, a chur ar áireamh. Níor cheart ach cóipeanna de na doiciméid sin a sheoladh isteach. Níor cheart droch-chaint ná caint gháirsiúil a bheith i ngearán. Más gá, is leor tagairt(í) d'úsáid na cainte sin. Ní bheidh cumarsáidí a mbeidh droch-chaint nó caint gháirsiúil iontu mar chuid d'aighneacht gearáin. I gcás go mbeidh caint den sórt sin iontu, is féidir nach ndéanfar dul chun cinn ar ghearán. Níor cheart cóipeanna de thaifid liachta ná grianghraif de ghnáthaimh liachta nó de dhíobhálacha a chur ar áireamh in aighneacht gearáin. Is leor deimhniú liachta mar chuid d'aighneacht gearáin.

Ní ceadmhach faisnéis tacaíochta a thabhairt isteach tríd an bhfoirm ar líne agus trí ríomhphost ach amháin sna formáidí seo a leanas: JPEG, GIF, ING, IMG, MP3, MP4, MOV, PDF, PNG, DOCX & MSG. Is ionann an uasmhéid comhaid iomlán agus 50 MB i gcás faisnéis bhreise a fháil tríd an bhfoirm ar líne agus is ionann an uasmhéid agus 35 MB i gcás gearán i scríbhinn a chur isteach trí ríomhphost. Féadfar glacadh le meáin iniompartha freisin, faoi réir na mbeart frithviris a chuirtear i bhfeidhm. Iarrtar gan comhaid a cheangal le haighneachtaí ríomhphoist agus gan iad a leabú isteach i ríomhphoist. Diúltóidh freastalaí ríomhphoist an Údaráis Náisiúnta Iompair go huathoibríoch do ríomhphoist a gcuimsítear comhaid i bhformáid EXE, DLL nó MSI iontu. Diúltóidh freastalaí an Údaráis Náisiúnta Iompair freisin do ríomhphoist a gcuimsítear ríomhphoist eile iontu. Ní ghlacfaidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair le freagracht as mainneachtain aighneachtaí nach gcloíonn leis na treoirlínte thuas a fháil.

Féachfaidh an Rannán um Rialáil Teanntála Feithiclí le hadmháil fhoirmiúil á lua go bhfuarthas an gearán a eisiúint laistigh de chúig lá oibre ón ngearán a fháil. Mar sin féin, is féidir go ndéanfaidh an líon aighneachtaí atá á bhfáil ag an am difear don tréimhse ama sin.

3.2 An Próiseas Gearán


Caithfidh an tÚdarás leis an ngearán sa mhodh rúin riachtanach agus breithneoidh sé go hoibiachtúil é. Fiosróidh an tÚdarás na saincheisteanna iomchuí uile agus na doiciméid uile arna soláthar ag an duine atá ag déanamh an ghearáin agus, i gcás go measann sé go bhfuil sé riachtanach déanamh amhlaidh, eagróidh an tÚdarás cigireachtaí ar an láithreán agus/nó agallaimh leis na pearsana a bhí páirteach sa teagmhas ba chúis leis an ngearán.

Féadfaidh an tÚdarás faisnéis bhreise nó doiciméid bhreise i ndáil leis an ngearán a iarraidh ón ngearánach nó ón rialaitheoir páirceála, nó ón ngearánach agus ón rialaitheoir páirceála araon, má mheasann an tÚdarás go bhfuil sé sin riachtanach. Tá sé sin amhlaidh chun na himthosca uile a thuiscint go hiomlán, agus sonrúidh an tÚdarás tréimhse réasúnach ar cheart an fhaisnéis sin nó na doiciméid sin a chur isteach laistigh di.

Ní bheidh aon oibleagáid ar an Údarás éisteach phearsanta a sholáthar in aon chás. Má theipeann ar cheachtar páirtí iarrataí réasúnacha ón Údarás a chomhlíonadh, is féidir go ndéanfar difear diúltach don bhreithniú ar an ngearán i ndáil leis an bpáirtí sin agus/nó is féidir go gcuirfear moill ar an mbreithniú sin.

Le linn dó gearáin a bhreithniú, féadfaidh an tÚdarás aird a thabhairt ar aon teagmhais roimhe ina ndearnadh gearáin a bhain leis an láthair ar leith, leis an rialaitheoir páirceála, leis an oibritheoir teanntála nó leis an ngearánach, nó ar nithe eile den sórt sin, má mheasann sé go bhfuil na nithe sin ábhartha don ghearán atá á bhreithniú.

An Próiseas Gearán – Gearán a bheith curtha isteach chuig an Údarás



3.3 Toradh ar Ghearán

Ar an ngearán nó aon fhaisnéis iarrtha bhreise agus/nó doiciméid iarrtha bhreise a fháil, breithneoidh an tÚdarás Náisiúnta lompair an ní, déanfaidh sé an cinneadh uaidh i scríbhinn (i gcóip chrua nó i bhfoirm leictreonach nó i gcóip chrua agus i bhfoirm leictreonach araon) agus eiseoidh sé toradh i scríbhinn, mar aon leis na cúiseanna leis an gcinneadh, chuig an ngearánach agus an rialaitheoir páirceála araon laistigh de 60 lá ón ngearán a fháil. I gcás go gcuirfear cosc, de bharr imthosca nach raibh coinne leo, ar ghearán a réiteach laistigh den tréimhse ama 60 lá, cuirfidh an tÚdarás mionsonraí faoi amlíne leasaithe ar aghaidh.

Ceann de na nithe seo a leanas a bheidh sa chinneadh ón Údarás Náisiúnta lompair:

- Seasadh leis an ngearán;
- Seasadh go páirteach leis an ngearán; nó
- Níor seasadh leis an ngearán.

Má sheastar leis an ngearán nó má sheastar go páirteach leis, is féidir go n-iarrfaidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair ar an rialaitheoir páirceála –

- A nósanna imeachta a leasú chun a chinntiú nach dtiocfaidh na himthosca ba chúis leis an ngearán chun cinn choíche;
- A eagrú go gcuirfí athoilúint ar na baill foirne;
- A mholadh go ndéanfaí íocaíocht ex gratia leis an ngearánach mar aitheantas d’aon chrá, aon chostais nó aon mhíchaoithiúlacht a d’eascair as na himthosca ba chúis leis an ngearán nó as an dóigh ar dhéileáil an rialaitheoir páirceála leis an ngearán tosaigh; nó
- Tabhairt faoi aon ghníomh eile is cuí leis an Údarás Náisiúnta Iompair chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist ba chúis leis an ngearán agus/nó chun a chinntiú nach dtiocfaidh sí chun cinn choíche.

I gcás gur mhol an tÚdarás Náisiúnta Iompair go ndéanfaí íocaíocht ex gratia, ba cheart don rialaitheoir páirceála an iarraidh sin a bhreithniú laistigh de 14 lá ó eisiúint an fhógra faoin gcinneadh nó laistigh d’aon tréimhse eile a leagann an tÚdarás Náisiúnta Iompair amach sa toradh uaidh.

Cinneadh críochnaitheach a bheidh sa chinneadh ón Údarás Náisiúnta Iompair ar ghearán agus ní bheidh aon mhodh breise ann le gearán a dhéanamh faoin Nós Imeachta seo. Ní chuireann an cinneadh cosc ar aon pháirtí cearta reachtúla a fheidhmiú le linn an ní ba chúis leis an ngearán a shaothrú.

Mura bhfuil tú sásta leis an bhfreagra ón Údarás Náisiúnta Iompair maidir le do ghearán, is féidir leat gearán a dhéanamh le [hOifig an Ombudsman](#).

I gcás gur leis an aon teagmhas amháin a bhaineann gearán agus achomharc i dtaca le cinneadh teanntála nó athlonnaithe, ní eiseofar cinneadh ar an ngearán ach amháin tar éis an próiseas achomhairc a chur i gcrích. Is gnách go ndéanfar é sin laistigh de sheacht lá ón gcinneadh ar achomharc a eisiúint.

3.4 Taifid

Déanfaidh an tÚdarás na taifid uile a bhaineann le gearáin arna bhfáil a choinneáil ar feadh tréimhse nach lú ná trí bliana ón dáta a rinneadh cinneadh ar an ngearán. Ní fhéadfar na taifid sin a choinneáil ach amháin i bhfoirm leictreonach.

4. Forfheidhmiú

Nuair is gá, féadfaidh an tÚdarás imeachtaí a thionscnamh in aghaidh rialaitheoirí páirceála agus oibritheoirí teanntála as neamhchomhlíonadh na reachtaíochta. Féadfar gníomhartha den sórt sin a dhéanamh de bhun gearáin arna n-imscrúdú de réir an Nós Imeachta Gearán nó ag teacht sna sála ar fhiosruithe neamhpleácha arna dtionscnamh ag an Údarás nó ar shlí eile.